3. Ar mhaithe le deimhneacht dhlíthiúil, cuireadh isteach sainmhíniú ar an téarma ‘gearrfhanacht’ in Airteagal 3. Cuireadh isteach Airteagal 2(2) chun a shoiléiriú go bhféadfaidh na Ballstáit a chinneadh an Treoir a chur i bhfeidhm ar feadh tréimhsí níos faide ná gearrfhanacht.

4. Rinneadh athruithe chun raon feidhme pearsanta na Treorach a shoiléiriú a thuilleadh, go háirithe maidir leis an sainmhíniú ar thairbhithe in Airteagal 4 agus úsáid na litreach ‘A’ a fhéadfar a chur leis an gCárta Míchumais Eorpach.

5. Laghdaíodh a saintreoraí atá na forálacha maidir le heisiúint agus bailíocht na gcártaí in Airteagal 6 agus in Airteagal 7 ná mar a bhí. Eiseofar an Cárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas mar chárta fisiciúil i gcónaí agus féadfaidh na Ballstáit a chinneadh an leagan fisciúil a chomhlánú le formáid dhigiteach inrochtana.

6. Chun rannpháirtíocht ghníomhach na mBallstát a áirithiú i socrú na formáide digití don dá chárta, foráiltear anois le hAirteagal 6 agus le hAirteagal 7 go leagfar síos na sonraíochtaí comhchoiteanna teicniúla ábhartha le gníomh cur chun feidhme. Bliain amháin tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach a socraíodh mar spriocdháta faoin nglacfadh an Coimisiún na gníomhartha cur chun feidhme.

7. Cuireadh an téarma ‘bearta iomchuí’ in ionad an téarma ‘pionóis’ in Airteagal 14.

8. Cuireadh síneadh ó 18 mí go 36 mhí leis an tréimhse trasuímh chun na dlíthe, na rialacháin agus na forálacha riaracháin a ghlacadh chun an Treoir a chomhlíonadh. Cuireadh síneadh ó 30 mí go 48 mí leis tréimhse trasuímh chun an Treoir a chur i bhfeidhm.

9. Agus tábhacht an ilteangachais á cur san áireamh, leasaíodh an téacs chun ligean do na Ballstáit cártaí dátheangacha a eisiúint trí úsáid a bhaint as an mBéarla agus as a dteanga nó teangacha náisiúnta.

10. Beartaítear sa téacs reatha go n-áireofar cód QR ar an dá chárta, mar an ghné dhigiteach is éifeachtaí a bhfuil sé mar aidhm léi aghaidh a thabhairt ar chalaois.

